Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Meán Fómhair 2024**
**(OR. en)**

**13767/24**

**CDR 142**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena gceaptar comhalta, arna mholadh ag Poblacht na hIodáile, de Choiste na Réigiún |

**CINNEADH (AE) 2024/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena gceaptar comhalta,**
**arna mholadh ag Poblacht na hIodáile,**
**de Choiste na Réigiún**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 305 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/852 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste na Réigiún[1],

Ag féachaint don togra ó Rialtas na hIodáile,

[1] IO L 139, 27.5.2019, lch. 13, (ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2019/852/oj).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 300(3) den Chonradh, tá Coiste na Réigiún le bheith comhdhéanta d'ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás réigiúnach nó áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa.

(2) An 9 Deireadh Fómhair 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2023/2152[2], lena gceaptar comhalta agus comhalta malartach, arna moladh ag Poblacht na hIodáile, de Choiste na Réigiún.

(3) Ceapadh Antonio DECARO mar chomhalta de Choiste na Réigiún go dtí an 31 Bealtaine 2024. Dá bhrí sin, tá suíochán comhalta ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh.

(4) Mhol rialtas na hIodáile Roberto GUALTIERI, ar ionadaí do chomhlacht áitiúil é agus a bhfuil aige sainordú toghchánach in údarás áitiúil, *Sindaco del Comune di Roma Capitale* (Méara chathair bhardais na Róimhe), mar chomhalta de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[2] Cinneadh (AE) 2023/2152 ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2023, lena gceaptar comhalta agus comhalta malartach, arna moladh ag Poblacht na hIodáile, de Choiste na Réigiún (IO L, 2023/2152, 11.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2152/oj ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2152/oj).

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar Roberto GUALTIERI, ar ionadaí do chomhlacht áitiúil é agus a bhfuil aige sainordú toghchánach, *Sindaco del Comune di Roma Capitale* (Méara chathair bhardais na Róimhe), mar chomhalta de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa…,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*